CINNEADH (AE) 2023/546 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Márta 2023

lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na Slóivéine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Slóivéine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jasna GABRIČ a cheapadh.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Tine RADINJA agus Tomaž ROŽEN mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún le Cinneadh (AE) 2022/1678 ón gComhairle ([3]).

(5) Mhol Rialtas na Slóivéine, ar bhonn sainordú toghchánach éagsúil, Jasna GABRIČ, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *članica občinskega sveta, Občina Trbovlje* (comhalta den chomhairle bardais, Bardas Trbovlje) mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol rialtas na Slóivéine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Marko DIACI, *župan, Občina Šentjur* (Méara, Bardas Sentjur), agus Nejc SMOLE, *župan, Občina Medvode* (Méara, Bardas Medvode),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Jasna GABRIČ, *članica občinskega sveta, Občina Trbovlje* (comhalta den chomhairle bardais, Bardas Trbovlje) (athrú sainordaithe),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

([3]) Cinneadh (AE) 2022/1678 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar beirt chomhaltaí, arna moladh ag Poblacht na Slóivéine, de Choiste na Réigiún (IO L 252, 30.9.2022, lch. 70).

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Marko DIACI, *župan, Občina Šentjur* (Méara, Bardas Sentjur),

— Nejc SMOLE, *župan, Občina Medvode* (Méara, Bardas Medvode).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. EDHOLM